PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL AN RINN ARD

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Tá An Rinn Ard suite ar Leithinis Uíbh Ráthaigh timpeall 5km siar ó dheas ó Chathair Saidhbhín. Tá sé suite ar cheann tíre níos lú ná 1km soir ó Bhaile an Ridire, Dairbhre atá scartha óna chéile ag an bhfarraige.



Fig 1: Léarscáil láithreáin don Rinn Ard

1.2 Daonra

Níl aon tuairisceán daonáirimh ar leith ann don Rinn Ard féin. Tá An Rinn Ard suite i dToghroinn An Chathair.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Ceantar tuaithe atá sa Rinn Ard le hard-dlús tithíochta scaipthe tuaithe. Níl aon sráidbhaile ann agus úsáideann muintir na háite Cathair Saidhbhín dá riachtanais laethúla. Feidhmíonn bád farantóireachta chuig Baile an Ridire ó ché An Rinn Ard.
Tá teach tabhairne/bialann agus saoráid próiseála éisc suite ag an gcé. Úsáideann báid iascaireachta áitiúla, árthaigh phléisiúir agus báid eile a bhaineann le turasóireacht an ché.

1.4 Infreastruchtúr

Tá soláthar uisce poiblí ar fáil sa cheantar. Níl aon ionad cóireála fuíolluisce sa Rinn Ard agus níl sé beartaithe ceann a thógáil.

1.5 Foirm Uirbeach
Tá forbairt An Rinn Ard tar éis díriú ar aghaidh na farraige. Tá teach tabhairne/bialann agus ionad próiseála éisc san áit. Níl aon lonnaíocht uirbeach sa cheantar, ach tithe aon uaire atá scaipthe faoin tuath den chuid is mó.

1.6 An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta
Níl aon struchtúr atá faoi chosaint ná séadchomharthaí seandálaíochta cóngrach, ná laistigh de cheantar an phlean.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha
Tá An Rinn Ard le hais Chuan Dairbhre/Cainéal An Rinn Ard atá sainithe mar SAC, ina bhfuil samplaí tábhachtacha de sceireacha, góilíní éadomhaine agus réileáin láibe.
Tá an áit saibhir ó thaobh áilleachta agus conláistí nádúrtha. Tírdhreach cuíosach réidh agus oscailte ar bheagán crann atá sa Rinn Ard. Tá roinnt ionad caothúil chun faire sa Rinn Ard mar a bhfuil radharcanna lánléargais ar Chuan Dairbhre agus na cúlchríocha máguaird.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Tá An Rinn Ard suite ar bhealach gnóthach agus is é an príomhbhealach chuig Dairbhre é ar an mbád farantóireachta. Nuair a bhíonn bád farantóireachta Dhairbhre ag feidhmiú ó Mhárta - Deireadh Fómhair bíonn sruth leanúnach tráchta tríd An Rinn Ard. Trácht áitiúil a bhíonn ann i gcaitheamh an gheimhridh.

1.9 Fostaíocht
Rinne An Rinn Ard forbairt go traidisiúnta mar chaladh farantóireachta agus mar shráidbhaile iascaireachta. Tá *Kerry Fish Ltd.* suite ag Pointe An Rinn Ard agus é mar phríomhfhoinse fostaíochta sa cheantar. Tá beogacht an cheantair agus a ghnónna beaga ag brath ar chaiteachas chustaiméirí ó na ceantair thuaithe agus turasóirí a bhíonn ag dul tríd chuig an mbád farantóireachta.

1.10 Gníomhaíocht Chuain agus Mhuirí
Tá cé agus bád farantóireachta sa Rinn Ard a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le rath leanúnach a bheith ar na hearnálacha muirí – taitneamhachta, fóillíochta agus turasóireachta sa cheantar. Tá tacaíocht do thionscal na hiascaireachta fós mar fhócas lárnach don ché. Is foinse tábhachtach ioncaim agus fostaíochta don cheantar í an iascaireacht agus cuireann sí go hindíreach le geilleagar an cheantair, trí easpórtáil agus próiseáil éisc.
Déantar turais bháid chuig Sceilg Mhichíl a thairiscint ón gcé, agus feidhmíonn turais mótarbháid ann freisin.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe
Forbairtí tithíocht scaipthe aonuaire atá sa cheantar seo. Tharla an-chuid forbartha ribíneach siar ó Chrosaire An Rinn Ard thar na blianta agus thar na blianta bhí sé teoranta den chuid is mó don taobh theas nó taobh na talún den bhóthar.

Léiríonn leibhéal na n-iarratas pleanála fás i gceantar an phlean agus díreach mórthimpeall air. Is féidir fás a bheith inbhuanaithe má dheánann An Rinn Ard forbairt ar acmhainn le seirbhísí agus áiseanna a mhealladh. Dhéanfaí freastal ar an éileamh sa todhchaí ar thithe scoite lasmuigh de sin trí fhorbairt na tuaithe de réir pholasaithe an Phlean Forbartha Contae.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán don Rinn Ard ná saintréithe an phatrúin sainiúil na lonnaíochta scaipthe seo a choimeád, agus feabhas a chur ar an acmhainn turasóireachta.

Leis an easpa áiseanna atá sa cheantar agus gan aon struchtúr sráidbhaile/lonnaíochta ann, leis an ngá atá ann tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sna lonnaíochtaí atá ann, agus a chóngraí atá sé do Chathair Saidhbhín ar ionad ceantair é 5km ó bhaile, níl sé ar intinn lonnaíocht nua sráidbhaile a fhorbairt sa Rinn Ard.

Is í an straitéis forbartha don Rinn Ard mar sin ná:

- A chinntiú go dtacódh forbairt sa todhchaí le ról agus feidhm reatha an nóid lonnaíochta mar nód beag iascaireachta agus turasóireachta.
- Ba chóir d'fhorbairt ceann athógáil de scála agus de shuíomh na lonnaíochta atá i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.
- Ba chóir go spreagfaí forbairtí tráchtála a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.
- Acmhainn iascaireachta agus slatiascaireachta an chentair a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.
- Acmhainn taobh na farraige / na cé a chur chun cinn ar shlí inbhuanaithe.

3.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**Infrastruchtúr agus Saoráidí Pobail** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
ICF-1	Éascú a dhéanamh ar leithreas poiblí a sholáthar sa Rinn Ard in aice leis an gcarrchlós

Cuspóir Uimh	**Turasóireacht** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**

T-1	Acmhainn seoltóireachta agus iascaireachta/slatiascaireachta an cheantair a chur chun cinn